An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

# Comhairliúchán Poiblí: Dréacht-Rialacháin um Shéadchomharthaí Forordaithe 2026

## (Ráiteas Príobháideachais)

Tá an Roinn tiomanta do do príobháideacht a chosaint agus meas a léiriú ar an bpríobháideacht sin. Mínítear sa ráiteas príobháideachais seo conas a phróiseálfaidh an Roinn, mar an Rialaitheoir Sonraí, na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil di i leith na nDréacht-Rialacháin um Shéadchomharthaí Forordaithe; conas a úsáidfear an fhaisnéis sin, agus cad iad na cearta a fhéadfaidh tú a fheidhmiú maidir le do shonraí pearsanta.

### Catagóirí sonraí pearsanta

Déanann an Roinn na sonraí pearsanta seo a leanas a phróiseáil i ndáil le haighneachtaí comhairliúcháin phoiblí maidir leis na Dréacht-Rialachán um Shéadchomharthaí Forordaithe

- Ainm
- Seoladh teagmhála ríomhphoist
- Ról san eagraíocht um páirtithe leasmhara oidhreachta

### Cuspóirí na próiseála

Chun an chosaint a thugtar d'oidhreacht na hÉireann a neartú, d'achtaigh an tOireachtas reachtaíocht nua i mí Dheireadh Fómhair 2023. Thug an tAcht um Oidhreacht Stairiúil agus Sheandálaíocht agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023 ("an tAcht"), raon beart nuálach isteach a thiocfaidh in ionad na nAchtanna um Shéadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2014 in am tráth.

I gcomhréir le forálacha an Achta, tá an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta ag ullmhú chun córas nua "séadchomharthaí forordaithe" a bhunú. Ciallaíonn sé seo go bhfaigheadh aicmí áirithe suíomhanna sheandálaíochta agus suíomhanna oidhreachta eile (cibé acu ar thalamh phoiblí nó ar thalamh faoi úinéireacht phríobháideach atá siad) cosaint dhlíthiúil uathoibríoch. Beidh feidhm ag an gcosaint sin gan ainmniú ná clárú foirmiúil.

Leagtar amach sa dhréachtchomhairliúchán na Dréacht-Rialacháin um Shéadchomharthaí Forordaithe. Tar éis breithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí a rinneadh sa chomhairliúchán poiblí, cuirfear an dréacht deiridh de na Rialacháin um Shéadchomharthaí Forordaithe faoi bhráid an Aire lena shíniú agus tiocfaidh siad i bhfeidhm ansin ar dháta sonraithe.  Déanfar aiseolas a thaifeadadh, a chomhordú, a anailísiú agus a mheas chun athruithe cuí ar na dréachtrialacháin a chinneadh. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfaí aighneachtaí a fuarthas a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, mura n-iarrtar a mhalairt.

### Próifíliú

Ní bhainfidh an Roinn úsáid as aon sonraí pearsanta a bhailítear uait i leith na nDréacht-Rialachán um Shéadchomharthaí Forordaithe le haghaidh cinnteoireachta uathoibrithe, ná chun críocha próifílithe.

### Dlíthiúlacht na próiseála

Tá an phróiseáil seo ar do shonraí pearsanta dleathach faoi Airteagal 6 (1)(e) den RGCS ina ndéantar foráil go bhfuil próiseáil riachtanach chun tasc a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir (Alt 12 den Acht um Oidhreacht Stairiúil agus Sheandálaíoch agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2023).

### Slándáil do shonraí pearsanta

Cuireann an Roinn bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm chun d’eolas a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe. Mar sin féin, d’ainneoin na n-iarrachtaí sin, níl aon chóras slándála foirfe ná dothreáite, agus ní féidir aon mhodh tarchurtha sonraí a ráthú i gcoinne aon idircheaptha nó aon chineál eile mí-úsáide. Sa chás go gcuirtear do shonraí pearsanta i gcontúirt mar thoradh ar shárú slándála, cuirfear beartas agus nósanna imeachta Bainistithe Sáruithe na Roinne chun feidhme.

### Faighteoirí na sonraí

Is féidir sonraí pearsanta a roinnt go hinmheánach le haghaidh iniúchta nó chun críocha comhlíonta eile.
Féadfar sonraí pearsanta a roinnt le Ranna Rialtais eile, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne, nó comhlachtaí poiblí eile, i gcásanna áirithe dá bhforáiltear le dlí. Is féidir gach aighneacht a fhoilsiú amach anseo agus faisnéis phearsanta folaithe.

### Aistrithe Sonraí Trasteorann

Ní aistreoidh an Roinn sonraí pearsanta a bhailítear i leith na nDréacht-Rialachán um Shéadchomharthaí Forordaithe chuig aon tír ná eagraíocht idirnáisiúnta lasmuigh den AE/LEE.

### Cé chomh fada a choimeádfar do shonraí?

Ní choinneoidh an Roinn do shonraí pearsanta ach chomh fada agus is gá le haghaidh na gcuspóirí dár bailíodh agus dár próiseáladh iad. I gcomhréir le ceanglais reachtúla agus ghnó, tá an tréimhse coinneála sonraí do do shonraí pearsanta, sa chás seo, ag teacht leis na ceanglais reachtúla agus aonad gnó agus leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (arna leasú).

### Do chearta

Tá **Beartas Cosanta Sonraí** na Roinne, a leagann amach conas a úsáidfimid do shonraí pearsanta, chomh maith le faisnéis a sholáthar maidir le do chearta mar dhuine is ábhar do na sonraí (lena n-áirítear sonraí maidir le ceart rochtana, an ceart chun ceartúcháin, an ceart go ndéanfaí léirscriosadh, an ceart go gcuirfí srian le próiseáil, an ceart chun agóid a dhéanamh), ar fáil ar ár suíomh gréasáin. Tá cóip chrua den bheartas ar fáil freisin ach é a iarraidh. Má mheasann tú gur sáraíodh do chearta, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí na hÉireann (**www.dataprotection.ie**), agus tá sé de cheart agat leigheas breithiúnach a lorg.

### Teagmháil a dhéanamh linn

Is í an Roinn an Rialaitheoir Sonraí agus do shonraí pearsanta á bpróiseáil aici chun na gcríoch a leagtar amach thuas. Tá sonraí teagmhála na Roinne ar fáil ag:

**https://www.gov.ie/en/organisation-information/839bc-contact-the-department-of-housing-local-government-and-heritage/**

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an Roinn chun tacú léi an dlí maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh. Seo a leanas mionsonraí teagmhála Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne:

Oifigeach Cosanta Sonraí
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Bóthar an Bhaile Nua
Loch Garman

Ríomhphost: **data.protection@housing.gov.ie**

Dáta: Lúnasa 2026